**RABHADH**

**Caithfear an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010

**DÉ CÉADAOIN 23 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

**(320 marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

## CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## CUID II (200 marc)


Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I gCUID II A FHREAGAIRT.**

# CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Agus tú ag tagairt don phíchairt thíos, sainaithin earnálacha an gheilleagair náisiúnta, de réir a méid choibhneasta:




Earnáil A: ______________________________

Earnáil B: ______________________________

Earnáil C: ______________________________

**2.** Is é an céatadán measta de shealbhóirí feirmeacha teaghlaigh na hEireann atá os cionn 55 bliain d'aois ná: (Cuir tic (✓) sa bhosca cuí)

5% ☐ 25% ☐ 51% ☐

**3.** Sainmhínítear bainistíocht mar an toisc tháirgeachta sin a ______________________________

______________________________

______________________________

**4.** Luaigh **dhá** phrionsabal a bhaineann le Comharchumann:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**5.** Luaigh **dhá** shaintréith talmhaíochta atá codarsnach leis an margaíocht:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**6.** Luaigh **dhá** cheann de na trí thréimhse tháirgeachta in anailís an tsoláthair:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**7.** Mínigh cad is brí le h*Árachas Tríú Páirtí*: ______________________________

______________________________

______________________________

**8.** Ainmnigh an t-innéacs a úsáidtear chun an boilsciú a thomhas i ngeilleagar na hÉireann:

______________________________

**9.** Taispeáin le tic (✓) cé acu atá an ráiteas seo a leanas fíor nó bréagach de réir Dhlí Engel.
"Go comhréireach, caitheann grúpaí ardioncaim níos mó dá gcuid ioncaim iomláin ar bhia ná grúpaí ísealioncaim."

Fíor ☐ Bréagach ☐

**10.** Comhlánaigh an tábla thíos:

| ***Cur síos ar fheirmeoir*** | ***Cineál feirmeora*** |
|---|---|
| (i) Feirmeoir atá oiriúnaitheach agus a choimeádann céim ar chéim le tosca eacnamaíocha agus teicniúla atá ag athrú. | |
| (ii) Feirmeoir a d'fhéadfadh, le roinnt cúnaimh, staid inmharthana a bhaint amach. | |
| (iii) Feirmeoir nach bhfuil an cumas ann / inti ná na hacmhainní aige / aici chun feirm a choimeád suas chun dáta. | |

**11.** Mínigh an téarma 'Fás Geilleagrach':________________________________________

____________________________________________________________

**12.** Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste do tháirgeoirí na Éireann a bhaineann le hallmhairí:

(i) ________________________________________________________

(ii) ________________________________________________________

**13.** Luaigh slí **amháin** ar féidir iasacht ó bhanc a bheith urraithe:________________________

**14.** Luaigh cúis **amháin** a bhféachtar ar fheirmeoirí mar *phraghas-ghlacadóirí*: __________________

____________________________________________________________

**15.** Slí **amháin** chun an dímheas a ríomh ná ______________________________________

**16.** Is é atá i *dTreoir ón AE* ná ____________________________________________

____________________________________________________________

**17.** Mínigh an téarma *díchúpláil* i gcomhthéacs leasú an CBT (CAP i *mBéarla*): __________________

____________________________________________________________

**18.** Deirtear go bhfuil "praghasleaisteachas" san éileamh ar earra má _________________________

____________________________________________________________

**19.** Is ionann Glanfhoirmiú Caipitil agus Ollfhoirmiú Caipitil lúide __________________________.

**20.** Sainmhínigh an téarma *beartas talmhaíochta* _____________________________________

____________________________________________________________

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt.***

## CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo**.**

**1.** **(a)** Mínigh **gach** céim sa slabhra bia a chríochnaíonn leis an muiceoil a cheannaíonn an tomhaltóir Éireannach.

**Ionchuir Cheannaithe** + **Acmhainní na bhfeirmeoirí iad féin** → **Muca beathaithe** + **Acmhainní margaíochta** → **Muiceoil**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na hiarrachtaí a d'fhéadfadh Tionscal na Muc a dhéanamh chun slabhra bia na muiceola a chosaint.

**(c)** Cad iad na himpleachtaí a bheadh ann do thalmhaíocht na hÉireann mura ndéanfaí an slabhra bia a chosaint?

**[50 marc]**

**2.** Tugtar na sonraí seo a leanas as na cuntais airgeadais ag feirm Éireannach:

**ASCHUR (€)**

| Táirge | Díolacháin lúide Ceannacháin | Athruithe ar na Fardail | Tomhaltas Teaghlaigh | Aschur Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Eallach | 48,000 | - 4,000 | 0 | |
| Barra | 5,000 | +1,000 | 200 | |
| **Iomlán** | 53,000 | -3,000 | 200 | |

**(a)** Ríomh iad seo a leanas, agus tú ag taispeáint do chuid oibre go léir:

(i) An t-aschur iomlán do **gach** earnáil táirgí **agus** don fheirm iomlán;

(ii) An tOllchorlach don fheirm iomlán, más ionann na costais athraitheacha agus €20,000.

**(b)** Mínigh iad seo a leanas, agus sampla á úsáid agat i ngach cás:

(i) Athrú fardail;

(ii) Costais athraitheacha.

**[50 marc]**

**3.** Tógadh na figiúirí seo a leanas as an gClár Comhardaithe ag Feirmeoir Curadóireachta ar 31 Nollaig 2009.

| **Sócmhainní €** | | **Fiachais €** | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta**<br>Talamh,<br>Foirgnimh &<br>Innealra | <br>*300,000*<br><br>*200,000* | **Fadtéarmach**<br>Iasachtaí le híoc<br>d'Fhoirgnimh &<br>d'Innealra | <br><br><br>160,000 |
| **Sócmhainní Reatha**<br>Cothú<br>Síol<br>Sócmhainní Leachtacha | <br>*1,000*<br>*4,000*<br>*35,000* | **Fiachais Reatha**<br>Rótharraingt Bhainc<br>Creidiúnaithe eile | <br>*15,000*<br>*45,000* |
| | | **Glanfhiúchas** | **?** |
| | **540,000** | | **540,000** |

Agus an t-eolas thuas á úsáid agat:


**(a)** Ríomh (agus tú ag taispeáint do chuid oibre go léir) Glanfhiúchas na feirme.

**(b)** Ríomh (agus tú ag taispeáint do chuid oibre go léir), Cóimheas Leachtachta na feirme **agus**, bunaithe ar an gcóimheas sin, scríobh síos an chomhairle a thabharfá don fheirmeoir, atá ag smaoineamh ar tharracóir nua a cheannach.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rogha a d'fhéadfadh a bheith ag feirmeoir a mbeadh deacracht aige / aici íocaíochtaí iasachta a dhéanamh.

**[50 marc]**

**4.**




Cuireann cuar na dtáirgí iomlána thuas síos ar an ngaol idir an t-aschur agus an t-ionchur ar Fheirm X. Taispeánann sé go bhfuil "an t-aschur ag méadú ach ar ráta laghdaitheach".

**(a)** Ainmnigh an dlí eacnamaíochta a dtagraíonn an coincheap thuas, a bhfuil líne faoi, dó.


**(b)** Is féidir cur síos ar ionchuir mar *ionchuir toisce* agus *ionchuir idirmheánacha.* Idirdhealaigh idir an dá chineál ionchur seo, agus sampla **amháin** á thabhairt agat sa dá chás.

**(c)** Mar úinéir ar Fheirm X, cheannaigh an feirmeoir innealra nua-aimseartha don fheirm. Mínigh, le cabhair léaráide, an tionchar is dócha a bheadh aige sin ar Chuar na dTáirgí Iomlána ar Fheirm X.


**[50 marc]**

**5.** Sna trí léaráid thíos, léirítear athruithe ar an éileamh ar mhairteoil sa mhargadh.


**Léaráid 1**




**Léaráid 2**




**Léaráid 3**




Léirítear **trí** cinn de na forbairtí seo a leanas sna léaráidí thuas:

(i) feachtas fógraíochta rathúil chun na sochair chothaithe a bhaineann le mairteoil a ithe, a chur chun tosaigh;

(ii) méadú ar chostais phróiseála na mairteola;

(iii) laghdú ar phraghas margaidh na mairteola;

(iv) laghdú ar ioncaim na dtomhaltóirí, agus is earra normálta í an mhairteoil.

**(Tabhair faoi deara go bhfuil forbairt amháin ina measc sin nach meaitseálann aon cheann de na léaráidí.)**

**(a)** Meaitseáil **gach** léaráid leis an bhforbairt chuí ón liosta thuas. I n**gach** cás mínigh cén fáth a ngníomhaíonn an t-éileamh mar a léirítear é sa léaráid.

**(b)** Is í Éire an cúigiú honnmhaireoir mairteola is mó ar domhan. Luaigh **trí** thoisc a chabhraigh chun go mbeadh rath ar an tionscal.

**[50 marc]**

**6**. Thit ioncaim feirme in 2009 agus ceapann cuid de na heagraíochtaí feirmeoireachta go dtitfidh siad arís in 2010.

**(a)** Ainmnigh eagraíocht feirmeoireachta **amháin** agus tabhair breac-chuntas ar a ról.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a bhí mar chúis leis an laghdú ar ioncaim feirme.

**(c)** Déan plé ar an tionchar eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag ioncaim laghdaithe feirme ar bhailte móra faoin tuath agus ar shráidbhailte na hÉireann.

**[50 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt.***

Leathanach Bán

Leathanach Bán